2024/602

16.2.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/602 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Nollaig 2023

lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin mhargaíochta san earnáil leannlusanna agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1850/2006 ón gCoimisiún

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 75(2) agus Airteagal 77(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([2]) a aisghairm, agus cuireadh Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ina ionad. Leagtar síos leis rialacha maidir le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh leannlusanna agus maidir le deimhniú leannlusanna agus tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ina leith sin. Chun feidhmiú rianúil chur i bhfeidhm na gcaighdeán margaíochta agus an deimhniúcháin le haghaidh leannlusanna agus táirgí leannlusanna a áirithiú, sa chreat dlíthiúil nua, ní mór rialacha breise áirithe a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe. Ba cheart an Rialachán seo agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/601 ón gCoimisiún ([3]) a chur in ionad Rialachán (CE) Uimh. 1850/2006 ón gCoimisiún ([4]).

(2) Foráiltear le hAirteagal 77(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 go bhfuil táirgí na hearnála leannlusanna a bhuantar nó a ullmhaítear laistigh den Aontas faoi réir nós imeachta deimhniúcháin lena ráthaítear go gcomhlíonann siad íoscheanglais cháilíochta. Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an nós imeachta deimhniúcháin sna Ballstáit a áirithiú, is gá táirgí na hearnála leannlusanna atá faoi réir deimhniúcháin a shonrú.

(3) Foráiltear le hAirteagal 77(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 nach bhféadfar táirgí na hearnála leannlusanna a mhargú ná a onnmhairiú ach amháin má chumhdaítear iad le deimhniú arna eisiúint i gcomhréir leis an bhforáil sin. Tugann grúdlanna aird mhór ar chaighdeán na leannlusanna a úsáidtear sa phróiseas grúdaireachta toisc go bhfuil tionchar mór ag an gcomhábhar sin ar bhlas an táirge deiridh. I gcás ina bhfásann agus ina bpróiseálann grúdlanna nó tríú páirtithe ar conradh leannlusanna thar ceann grúdlainne, chruthófaí costas breise agus ualach riaracháin neamhriachtanach dá mbeadh gá le deimhniú oifigiúil sa bhreis ar rialú cáilíochta inmheánach na grúdlainne lena mbaineann. Is margadh nideoige iad cainníochtaí beaga de tháirgí na hearnála leannlusanna a dhíoltar le daoine príobháideacha i bpacáistí beaga agus dá ndeimhneofaí inneachar gach pacáiste bhig agus dá marcálfaí na pacáistí de réir na rialacha is infheidhme, ní bheadh údar maith leis an méid oibre sin, go háirithe ós rud é go mbeadh tionchar aige sin ar phraghas na dtáirgí sin do na húsáideoirí príobháideacha. Déantar próiseáil throm ar tháirgí leannlusanna isiméirithe agus tá siad cobhsaí, agus sin an fáth nach bhfuil gá le deimhniú a thuilleadh chun a gcáilíocht a ráthú. Is iomchuí, dá bhrí sin, táirgí áirithe leannlusanna a dhíolmhú ón gceanglas deimhniúcháin chun críoch margaíochta nó onnmhairithe.

(4) D'fhonn raon feidhme na díolúine ón oibleagáid deimhniúcháin le haghaidh leannlusanna a shaothraítear agus/nó a phróiseáiltear faoi chonradh le haghaidh grúdlann nó ag na grúdlanna iad féin a bhunú, agus maoirseacht an údaráis deimhniúcháin inniúil á áirithiú fós, ba cheart don ghrúdaire an t-údarás deimhniúcháin inniúil a chur ar an eolas trí

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagraíocht margaí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha i gcomhair táirgí áirithe talmhaíochta (an Rialachán maidir le CEM aonair) (IO L 299, 16.11.2007, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/1234/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/601 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le deimhniú leannlusanna agus táirgí leannlusanna agus le rialuithe gaolmhara (IO L, 16.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/601/oj).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1850/2006 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2006 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le deimhniú leannlusanna agus táirgí leannlusanna (IO L 355, 15.12.2006, lch. 72, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1850/oj).

dhearbhú buana faoi na cineálacha a fhástar, faoi na cainníochtaí a bhuantar, faoi na láithreacha táirgthe agus faoi na limistéir a gcuirtear leannlusanna iontu chun a áirithiú nach bhfuil na táirgí atá i gceist le húsáid ach ag an ngrúdlann lena mbaineann. A mhéid a bhaineann le leannlusanna a phróiseáil thar ceann grúdlainne, ba cheart réamhfhaisnéis a sholáthar don údarás deimhniúcháin faoin ngrúdlann lena mbaineann, faoin bpróiseálaí, faoin amhábhar agus faoin táirge deiridh chun gur féidir maoirseacht áirithe a dhéanamh ar an bpróiseas. Ba cheart a lua go sonrach ar phacáistiú na dtáirgí sin nach bhféadfar iad a chur ar an margadh, chun a áirithiú nach féidir ach leis an ngrúdlann atá i gceist iad a úsáid.

(5) I gcás ina roinntear coinsíneacht dheimhnithe leannlusanna neamhullmhaithe lena díol, ba cheart doiciméad tráchtála arna tharraingt suas ag an díoltóir a bheith ag gabháil le gach ceann de na coinsíneachtaí, ar doiciméad é ina mbeidh faisnéis ó dheimhniú na coinsíneachta bunaidh chun inrianaitheacht iomlán gach coinsíneachta a áirithiú.

(6) Chun ardcháilíocht na meascán de leannlusanna amha agus de tháirgí leannlusanna a áirithiú, ba cheart gach ceann de na coinsíneachtaí buaircíní leannlusanna a úsáidtear na híoscheanglais cháilíochta a chomhlíonadh i gcás cumaisc. I gcás cumaisc de bhuaircíní leannlusanna atá le húsáid mar chumaisc, chun na saintréithe speisialta a thugtar don táirge leis an gcineál agus leis an limistéar táirgthe a choinneáil ar bun, níor cheart ach buaircíní leannlusanna ón limistéar céanna agus den chineál céanna a úsáid. I gcás táirgí leannlusanna, is féidir gá a bheith le cumasc de leannlusanna de chineálacha éagsúla agus/nó ó limistéir táirgthe éagsúla chun próifíl blaistithe áirithe a bhaint amach, agus is é sin an fáth gur cheart cumaisc den sórt sin a cheadú agus gur cheart gach cineál agus/nó áit tionscnaimh a chur ar an deimhniú, mar aon le céatadán mheáchan gach cineáil agus/nó gach limistéir táirgthe, chun inrianaitheacht a cheadú. Ós rud é go gcailleann leannlusanna cuid den aigéad alfa a mbíonn tionchar aige ar a mblas speisialta le himeacht ama, níor cheart ach leannlusanna amha ón mbliain bhuana chéanna a chumasc, le haghaidh cumasc leannlusanna atá le húsáid mar chumaisc agus le haghaidh táirgí leannlusanna. Chun a áirithiú nach féidir aon ní nach gcomhlíonann na ceanglais a chur isteach, níor cheart táirgí cumaiscthe na hearnála leannlusanna a dheimhniú ach amháin má cumascadh iad faoi fhaireachas oifigiúil in ionaid deimhniúcháin.

(7) Ba cheart na híoscheanglais cháilíochta do leannlusanna amha ullmhaithe agus leannlusanna amha neamhullmhaithe araon a shonrú a mhéid a bhaineann lena gcion taise, le cion na nduilleog, na ngas agus na dramhaíola leannlusanna chomh maith le síolta i gcás leannlusanna gan síol.

(8) Ós rud é go ndéanann an Rialachán seo na rialacha atá ann cheana a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1850/2006 a thabhairt cothrom le dáta agus a ionadú, ba cheart an Rialachán sin a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

ROINN 1

FORÁLACHA RÉAMHRÁITEACHA

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin mhargaíochta le haghaidh leannlusanna agus táirgí leannlusanna dá dtagraítear in Airteagal 2 agus leis na coinníollacha faoina ndíolmhaítear leannlusanna agus táirgí leannlusanna ón gceanglas deimhniúcháin a leagtar síos in Airteagal 77(4) den Rialachán sin.

Airteagal 2

Raon feidhme

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) buaircíní leannlusanna a thagann faoi chód AC 1210 10 00 a chumhdaítear le Cuid VI d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 nuair a bhuantar san Aontas iad nó nuair a allmhairítear ó thríú tíortha iad i gcomhréir le hAirteagal 190 den Rialachán sin;

(b) táirgí leannlusanna a thagann faoi chóid AC 1210 20 agus 1302 13 00 a chumhdaítear le Cuid VI d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a ullmhaítear san Aontas nó a allmhairítear ó thríú tíortha iad i gcomhréir le hAirteagal 190 den Rialachán sin.

Ní bheidh feidhm aige maidir le táirgí leannlusanna isiméirithe.

Airteagal 3

Mínithe

Chun críocha an Rialacháin seo agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/601, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'buaircíní leannlusanna' nó 'leannlusanna' na bláthraí ón bplanda leannlusa dreaptha (baineann) (*Humulus lupulus*); bíonn dath glasbhuí agus cruth ubhchruthóideach ar na bláthraí sin, bíonn gas blátha acu agus bíonn a dtoise is faide idir 2 agus 5 cm de ghnáth;

(b) ciallaíonn 'leannlusanna neamhullmhaithe' leannlusanna nach ndearnadh ach réamhthriomú agus réamhphacáistiú orthu;

(c) ciallaíonn 'leannlusanna ullmhaithe' leannlusanna a ndearnadh triomú deiridh agus pacáistiú deiridh orthu;

(d) ciallaíonn 'leannlusanna síolaithe' leannlusanna a mhargaítear ar bhealach lena gcuirtear in iúl go bhfuil an cion síl níos mó ná 2 % dá meáchan tar éis a dtriomaithe;

(e) ciallaíonn 'leannlusanna gan síol' leannlusanna a mhargaítear ar bhealach lena gcuirtear in iúl nach bhfuil an cion síl iontu níos mó ná 2 % dá meáchan tar éis a dtriomaithe;

(f) ciallaíonn 'táirge leannlusanna' táirge a dhíorthaítear ó bhuaircíní leannlusanna a ndearnadh claochlú níos mó orthu, amhail púdair, millíní nó eastóscáin leannlusanna;

(g) ciallaíonn 'táirge leannlusanna isiméirithe' táirge leannlusanna ina bhfuil na haigéid alfa beagnach go hiomlán isiméirithe;

(h) ciallaíonn 'coinsíneacht' líon pacáistí leannlusanna a bhfuil na saintréithe céanna acu a chuirtear i láthair an tráth céanna lena ndeimhniú ag an táirgeoir aonair céanna nó ag an táirgeoir gaolmhar céanna nó ag an bpróiseálaí céanna;

(i) ciallaíonn 'limistéir táirgthe leannlusanna' na criosanna nó na réigiúin táirgthe sa liosta arna tharraingt suas ag na Ballstáit lena mbaineann;

(j) ciallaíonn 'séalú' dúnadh an phacáiste ar bhealach go ndéanfar damáiste don mhodh dúnta nuair a osclófar an pacáiste;

(k) ciallaíonn 'marcáil' lipéadú agus sainaithint;

(l) ciallaíonn 'ciorcad oibriúcháin iata' próiseas chun leannlusanna a ullmhú nó a phróiseáil ar bhealach nach féidir leannlusanna ná táirgí próiseáilte a chur leo ná a bhaint le linn na hoibríochta. Tosaíonn an ciorcad oibriúcháin iata nuair a osclaítear an pacáiste séalaithe ina bhfuil na leannlusanna nó na táirgí leannlusanna atá le hullmhú nó le próiseáil agus críochnaíonn sé nuair a shéalaítear an pacáiste ina bhfuil na leannlusanna ullmhaithe nó an táirge leannlusanna próiseáilte;

(m) ciallaíonn 'údarás deimhniúcháin inniúil' an comhlacht nó an roinn atá údaraithe ag an mBallstát chun deimhniú a dhéanamh agus chun lárionaid deimhniúcháin a fhormheas agus a rialú;

(n) ciallaíonn 'ionad deimhniúcháin' ionad ina ndéantar an deimhniú;

(o) ciallaíonn 'ionadaithe údaráis deimhniúcháin inniúil' pearsanra atá fostaithe ag an údarás deimhniúcháin inniúil, nó atá fostaithe ag tríú páirtí agus atá údaraithe ag an údarás deimhniúcháin inniúil chun dualgais deimhniúcháin a dhéanamh;

(p) ciallaíonn 'faireachas oifigiúil' maoirseacht ar ghníomhaíochtaí deimhniúcháin ag an údarás deimhniúcháin inniúil nó ag a ionadaithe.

ROINN 2

CAIGHDEÁIN MHARGAÍOCHTA

Airteagal 4

Leannlusanna agus táirgí leannlusanna a mhargú

Ní fhéadfar buaircíní leannlusanna agus táirgí leannlusanna a buanadh agus/nó a ullmhaíodh laistigh den Aontas a mhargú ach amháin má rinneadh nós imeachta deimhniúcháin orthu i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán CurChun Feidhme (AE) 2024/601 má tá deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 77(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ag gabháil leo.

Airteagal 5

Díolúintí ón oibleagáid deimhniúcháin

Ní bheidh feidhm ag an gceanglas deimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4 maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) leannlusanna a bhuantar ar thalamh atá faoi úinéireacht grúdlainne nó a shaothraítear ar conradh thar ceann grúdlainne agus a n-úsáideann an ghrúdlann sin iad ina staid nádúrtha nó phróiseáilte;

(b) táirgí leannlusanna a phróiseáiltear faoi chonradh thar ceann grúdlainne, ar choinníoll go n-úsáideann an ghrúdlann na táirgí sin;

(c) leannlusanna agus táirgí leannlusanna ar díol le daoine príobháideacha dá n-úsáid féin agus iad curtha i bpaicéid bheaga nach mó ná 5 kg i gcás buaircíní, púdair agus millíní agus 1 kg i gcás eastóscáin nó táirgí leannlusanna isiméirithe, le tuairisc ar an táirge agus ar a mheáchan ar an bpacáiste.

Airteagal 6

Forálacha speisialta le haghaidh grúdlann

1. I gcás leannlusanna a shaothraíonn grúdlann ar a talamh féin nó a shaothraítear ar conradh thar ceann grúdlainne atá le húsáid ag an ngrúdlann, déanfaidh an grúdaire, faoin 15 Samhain gach bliain ar a dhéanaí, dearbhú buana a sheoladh chuig an údarás deimhniúcháin inniúil maidir leis na cineálacha a saothraíodh, na cainníochtaí a buanadh, na láithreacha táirgthe agus na limistéir a gcuireadh leannlusanna iontu, mar aon le tagairtí an chláir talún nó a choibhéise oifigiúil.

2. I gcás leannlusanna a phróiseáiltear faoi chonradh thar ceann grúdlainne, sula dtéann na leannlusanna isteach sa bhunaíocht ina bhfuil siad le próiseáil, soláthróidh an ghrúdlann doiciméad próiseála don phróiseálaí agus don údarás deimhniúcháin inniúil ar a mbeidh an fhaisnéis seo a leanas:

(a) uimhir thagartha uathúil lena sainaithnítear an conradh;

(b) an ghrúdlann is faighteoir;

(c) ainm agus seoladh na bunaíochta próiseála;

(d) uimhir thagartha uathúil dheimhniú na leannlusanna nó na dtáirgí leannlusanna atá le próiseáil agus/nó, i gcás leannlusanna allmhairithe, an fianú coibhéise dá bhforáiltear in Airteagal 190(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus/nó cóip de dhearbhú buana na leannlusanna atá le próiseáil.

3. Cuirfidh an próiseálaí na hiontrálacha seo a leanas ar an doiciméad próiseála tar éis na hoibríochta próiseála:

(a) tuairisc ar an táirge próiseáilte;

(b) meáchan an táirge phróiseáilte.

4. Tabharfar uimhir thagartha uathúil don doiciméad próiseála dá dtagraítear i mír 2, agus beidh an uimhir sin le feiceáil ar an bpacáistíocht freisin. Beidh an tásc breise seo a leanas ar an doiciméad agus ar an bpacáiste: 'leannlusanna/táirgí leannlusanna chun críocha úsáid na grúdlainne féin; ní fhéadfar iad a mhargú'.

Airteagal 7

Coinsíneachtaí leannlusanna a roinnt

1. I gcás ina roinntear coinsíneacht dheimhnithe leannlusanna lena díol, beidh sonrasc nó doiciméad tráchtála arna tharraingt suas ag an díoltóir ag gabháil leis an táirge, rud ar a mbeidh faisnéis faoi mheáchan na coda a díoladh.

2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar an sonrasc nó ar an doiciméad tráchtála freisin, faisnéis a tógadh ón deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 4:

(a) an tuairisc ar an táirge;

(b) ollmheáchan nó glanmheáchan na coinsíneachta deimhnithe bunaidh;

(c) an láthair táirgthe agus an limistéar táirgthe;

(d) an cineál;

(e) an bhliain bhuana;

(f) uimhir thagartha uathúil an deimhnithe.

Airteagal 8

Coinsíneachtaí leannlusanna agus táirgí leannlusanna a chumasc

1. Ní fhéadfar táirgí cumaiscthe na hearnála leannlusanna a dheimhniú ach amháin má rinneadh iad a chumasc faoi fhaireachas oifigiúil in ionaid deimhniúcháin.

2. I gcás ina gcumasctar buaircíní leannlusanna le húsáid mar bhuaircíní leannlusanna nó ina gclaochlaítear iad ina dtáirge leannlusanna, comhlíonfaidh gach ceann de na coinsíneachtaí a úsáidtear le haghaidh an chumaisc na híoscheanglais cháilíochta a leagtar síos in Iarscríbhinn I. Ní fhéadfar buaircíní leannlusanna atá le húsáid mar bhuaircíní leannlusanna a chumasc ach le buaircíní leannlusanna den chineál céanna, ón limistéar táirgthe céanna agus ón mbliain bhuana chéanna.

3. Táirgí deimhnithe leannlusanna arna n-ullmhú ó leannlusanna deimhnithe arb ón mbliain bhuana chéanna iad, ach ar de chineálacha éagsúla agus/nó ó limistéir táirgthe leannlusanna éagsúla iad, féadfar iad a chumasc le linn monaraithe táirgí leannlusanna ar choinníoll go sonraítear an méid seo a leanas sa deimhniú a ghabhann leis an táirge:

(a) na cineálacha a úsáidtear, na limistéir táirgthe leannlusanna agus an bhliain bhuana;

(b) céatadán mheáchan gach cineáil a úsáidtear sa chumasc; má úsáideadh táirgí leannlusanna in éineacht le buaircíní leannlusanna chun táirgí leannlusanna a mhonarú, nó má úsáideadh táirgí éagsúla leannlusanna, beidh céatadán gach cineáil bunaithe ar mheáchan na mbuaircíní leannlusanna a úsáideadh chun na táirgí ionchuir a ullmhú;

(c) uimhreacha tagartha na ndeimhnithe a eisítear le haghaidh na leannlusanna agus na dtáirgí leannlusanna a úsáidtear.

ROINN 3

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 9

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1850/2006.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/601 agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn II.

Airteagal 10

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Nollaig 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Na híoscheanglais mhargaíochta le haghaidh buaircíní leannlusanna dá dtagraítear in Airteagal 8(2)

Saintréithe	Tuairisc	Uaschion (% meáchain)	
		Leannlusanna ullmhaithe	Leannlusanna neamhullmhaithe
(a) Taise	Cion uisce	12,0	14,0
(b) Duilleoga agus gais	Blúirí duilleog ó theannóga brainse, teannóga brainse, gasóga duilleog nó gasóga buaircíní; chun iad a aicmiú mar ghas, ní mór gasóga buaircíní a bheith 2,5 cm ar fad ar a laghad	6,0	6,0
(c) Dramhaíl leannlusa	Cáithníní beaga a bhíonn mar thoradh ar mheaisínbhuain, arb é an dath a bhíonn orthu idir glas dorcha agus dubh agus nach dtagann ón mbuaircín de ghnáth; féadfar cáithníní de chineálacha leannlusanna seachas iad siúd atá le deimhniú a áireamh san uaschion a shonrófar, méid atá suas le 2 % den mheáchan	3,0	4,0
(d) Cion síl i gcás ‘leannlusanna gan síol’	Torthaí aibí an bhuaircín	2,0	2,0

IARSCRÍBHINN II

Tábla comhghaoil

Rialachán (CE) Uimh. 1850/2006	An Rialachán seo	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/601
Airteagal 1(1)	Airteagal 1	-
Airteagal 1(2)	Airteagal 2	-
Airteagal 1(3)	Airteagal 5	-
Airteagal 1(4)	-	Airteagal 5(3)
Airteagal 2	Airteagal 3	-
Airteagal 3(1)	-	Airteagal 6(2)
Airteagal 3(2)	-	Airteagal 6(3)
Airteagal 4(1)	-	Airteagal 2(2)
Airteagal 4(2)	-	Airteagal 7(1)
Airteagal 4(3)	-	Airteagal 7(2)
Airteagal 5	-	Airteagal 7(3)
Airteagal 6(1)	-	Airteagal 2(1) agus (6)
Airteagal 6(2)	-	Airteagal 6(1)
Airteagal 6(3)	-	Airteagal 3(1)
Airteagal 6(4)	-	Airteagal 2(4)
Airteagal 6(5)	-	Airteagal 2(7)
Airteagal 7(1)	Airteagal 8(1)	-
Airteagal 7(2)	Airteagal 8(2)	-
Airteagal 7(3)	Airteagal 8(3)	-
Airteagal 8	Airteagal 7	-
Airteagal 9(1)		Airteagal 2(6)
Airteagal 9(2)		Airteagal 2(1)
Airteagal 9(3)		Airteagal 3(1)
Airteagal 9(4)		Airteagal 2(4)
Airteagal 9(5)		Airteagal 2(7)
Airteagal 10(1)		Airteagal 5(2)
Airteagal 10(2)	-	-
Airteagal 10(3)		Airteagal 5(1)
Airteagal 11		Airteagal 8
Airteagal 12(1)		Airteagal 9(1)
Airteagal 12(2)		Airteagal 9(2)
Airteagal 12(3)		Airteagal 9(3)
Airteagal 13		Airteagal 2(7)
Airteagal 16		Airteagal 4

Airteagal 17		Airteagal 3(2)
Airteagal 18		Airteagal 3(3)
Airteagal 19		Airteagal 2(6)
Airteagal 20(1)	Airteagal 6(1)	
Airteagal 20(2)	Airteagal 6(2), (3) agus (4)	
Airteagal 21		Airteagal 10
Airteagal 22(1)		Airteagal 11
Airteagal 22(2)		Airteagal 12
Airteagal 23		Airteagal 14
Airteagal 24		Airteagal 15
Airteagal 25	Airteagal 9	
Airteagal 26	Airteagal 10	Airteagal 16
Iarscríbhinn I	Iarscríbhinn I	
Iarscríbhinn II		Iarscríbhinn IV
Iarscríbhinn III		Iarscríbhinn I
Iarscríbhinn IV		Airteagal 5(3)
Iarscríbhinn V		Iarscríbhinn III
Iarscríbhinn VI		Iarscríbhinn II
Iarscríbhinn VII	Iarscríbhinn II	